2024/704

14.3.2024

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 353/2021

## an 10 Nollaig 2021

## lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/704]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1524 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2018 lena mbunaítear modheolaíocht faireacháin agus na socruithe maidir le tuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinrochtaineacht shuíomhanna gréasáin agus fheidhmchlár móibíleach chomhlachtaí na hearnála poiblí ([1]), arna cheartú le IO L 259, 16.10.2018, lch. 43, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 5oca (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1523 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'5ocb. **32018 D 1524**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1524 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2018 lena mbunaítear modheolaíocht faireacháin agus na socruithe maidir le tuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 256, 12.10.2018, lch. 108), arna cheartú le IO L 259, 16.10.2018, lch. 43.

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, léifear forálacha an Chinnidh oiriúnaithe mar a leanas:

(a) In Airteagal 3(2), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, léifear na focail 'idir an 1 Eanáir 2020 agus an 22 Nollaig 2021' mar 'idir an 1 Eanáir den tríú bliain féilire agus an 22 Nollaig den cheathrú bliain féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 353/2021 ó Chomhchoiste LEE an 10 Nollaig 2021'.

(b) In Airteagal 3(3), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, léifear na focail 'idir an 23 Meitheamh 2021 agus an 22 Nollaig 2021' mar 'idir an 23 Meitheamh agus an 22 Nollaig den cheathrú bliain féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 353/2021 ó Chomhchoiste LEE an 10 Nollaig 2021'.'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1524, arna cheartú le IO L 259, 16.10.2018, lch. 43, san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 256, 12.10.2018, lch. 108.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 11 Nollaig 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 59/2021 ó Chomhchoiste LEE an 5 Feabhra 2021 ([2]), cibé acu is déanaí.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Nollaig 2021.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Rolf Einar FIFE

---

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) IO L , 2024/66, 11.01.2024 , ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2024/66/oj.